# SIÚLÓID NA nIONTAS
# AN FHAICHE MHÓR



FARDAL NÁISIÚNTA *na* hOIDHREACHTA AILTIREACHTA

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

## TREOIR



Is féidir **SLITE SIÚLÓIDE** eile a íoslódáil saor in aisce

### DÉAN 'SIÚLÓID NA nIONTAS' TRÍD AN bhFAICHE MHÓR:


- Téigh ag spaisteoireacht ar fud an cheantair, tabhair faoi deara leideanna don tsúil i mbun do chuid siúil, agus cíor scéal na cathrach de réir mar is léir ón bhflúirse gnéithe ailtireachta san áit.
- Caith deich nóiméad ag aimsiú ghnéithe éagsúla na tóraíochta taisce ailtireachta, nó déan go réidh agus bain sásamh as turas treoraithe faoi do stiúir féin ar fud an bhFaiche Mhór.
- Súile feannta, breathnaigh in airde, scrúdaigh in íochtar agus seachas aon ní eile, DÉAN IONTAS!



buildingsofireland.ie    Lean linn

## TÓRAÍOCHT TAISCE

CÉ MHÉAD DE NA GNÉITHE SEO IS FÉIDIR LEAT A AIMSIÚ AR IARBHANC NÁISIÚNTA NA hÉIREANN?




## SCÉAL NA FAICHE MÓIRE

Thugtaí "an Fhaiche" ar an bhFaiche Mhór, a bhí ina ceantar féarthalún oscailte, lastall de na ballaí meánaoiseacha, áit ar trádáladh eallach, ar thionól saighdiúirí agus ar crochadh daoine go poiblí.

Ag tús an 18ú haois, leagadh páirc fhoirmiúil amach ar cuireadh ráillí iarainn thart uirthi níos déanaí. Mar nasc idir an seanbhaile agus an chathair nua-aimseartha, mealladh aicmí gairmithe agus ceannaithe a bhí ag fás, chuig an bhFaiche Mhór, aicmí a thóg tithe cathrach galánta agus a bhunaigh gnólachtaí feadh na faiche. Faoin 19ú haois, bhí an fhaiche beo le laethanta aonaigh rialta, miondíoltóirí siopa, bainc, óstáin agus club eisiach fear uasal.

Roghnaíodh an fhaiche mar cheann aistir le haghaidh Iarnród Mór Lár na Tíre agus an Iarthair agus bhí sí ina príomhphointe teachta agus imeachta le haghaidh na cathrach, ina raibh an iliomad oifigí cóiste scítheanna cheana. Faoi dheireadh an 19ú haois, bunaíodh trambhealach lenar nascadh í agus an trá-bhaile, Bóthar na Trá, rud a d'fhreastail ar líon na dturasóirí a bhí ag dul i méid agus a mealladh chuig an réigiún. Sa lá atá inniu ann tá an fhaiche fós ina croílár saoil phoiblí agus caidrimh shóisialta le haghaidh na cathrach.

Mar aitheantas ar charachtar ar leith na Faiche Móire, tá Limistéar Caomhantais Ailtireachta ainmnithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. In éineacht le hiarrachtaí díograiseacha an phobail áitiúil, cabhraíonn an t-ainmniú seo le stair shóisialta ar leith agus neart seod ailtireachta dá cuid a bhainistiú agus a fheabhsú. Táthar ag súil go mbeidh meas fós ag na glúnta atá le teacht ar an gcuid seo den chathair ar a bhfuil grá mór, go gcaomhnóidh siad í agus go mbainfidh siad sult aisti.

**Ar mhaith leat níos mó a fhoghlaim faoi Limistéar Caomhantais Ailtireachta na Faiche Móire agus faoi Limistéir Chaomhantais Ailtireachta eile sa chathair? Déan teagmháil le hOifigeach Caomhantais Ailtireachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.**



*Táthar an-bhuíoch de mhuintir na háite as an gcúnamh maidir leis an mbealach siúlóide a leagan amach.*

## CUIR TIC LEIS NA BOSCAÍ DE RÉIR MAR A FHEICTEAR AN tIONTAS DUIT

### 1. BROWNE DOORWAY ☐

Bhí an doras seo ón 17ú haois mar chuid d'Áras Browne ar Shráid na Súdairí roimhe seo. Athlonnaíodh an doras go dtí an Fhaiche Mhór in 1905, áit ar baineadh úsáid as mar bhealach isteach foirmiúil go dtí an pháirc, a raibh ráillí thart uirthi ag an am. An bhfuil tú in ann na trí leon a fheiceáil i measc an iliomad snoiteán?

Tógadh dealbh den Tiarna Dunkellin laistigh den fhaiche in 1873. Toisc gur bhreathnaigh roinnt daoine air mar shamhailchomhartha cumhachta coilíní, tarraingíodh anuas óna sheastán é in 1922 agus caitheadh in Abhainn na Gaillimhe é. Bhí dhá ghunna mhóra a rinneadh d'iarann teilgthe agus a gabhadh le linn Chogadh na Crimé ann freisin. Bhí tarraingt mhór ag leanaí ar na gunnaí móra, a mheáigh dhá thona, agus ba mhinic a dhreap leanaí orthu chun caitheadh le targaidí samhailteacha.



### 2. LÁNA AN PHINNIÚIR ☐


Breathnaigh síos Lána an Phinniúir agus tabhair cor aisteach sa lána faoi deara. Leanann sé sin ceann de na hurdhúin ón 17ú haois a tógadh mar shíneadh leis an mballa cathrach meánaoiseach. Tá cuid den urdhún glactha isteach sna réadmhaoine mórthimpeall anois. Tá cuid eile níos mó den urdhún le feiceáil laistigh den ionad siopadóireachta in aice láimhe.

*Tugann ainm an lána le fios gur imríodh liathróid láimhe anseo fadó. Mar chluiche 'balla amháin', bhí an t-urdhún an-ard mar dhromchla réamhdhéanta ar a bhféadfaí imirt. Go híorónta, is sa bhliain 1527 atá an chéad taifead ar liathróid láimhe sa chathair, nuair a toirmisceadh le fodhlíthe áitiúla cluichí liathróide a imirt in aghaidh... sea, sin é... na ballaí cathrach!*




### 3. IARSTÁISIÚN MÓTAIR ☐

Chuaigh James J. Ward i mbun oibre ar dtús ar an bhFaiche Mhór mar dhéileálaí gluaisrothar in 1905, sular bhunaigh sé garáiste cairr ar an láithreán seo roinnt blianta ina dhiaidh sin. Mar gheall ar an bhfuinneog mhór leathchiorclach, ar a dtugtar fuinneog Dhióicléitiánais, bhí solas nádúrtha ardleibhéil ann do na meicneoirí a bhí ag obair ar fheithiclí. Faoi lár an 20ú haois, thóg muintir Ward seomra taispeántais nua carranna, ina raibh línte nua-aoiseacha glana agus fuinneoga móra, áit a bhfuil Dunnes Stores suite anois.



*Sa cheantar oscailte atá taobh thuaidh den fhaiche, bhíodh laethanta aonaigh rialta ar siúl, áit ar tháinig feirmeoirí ón tuath máguaird le chéile chun beostoc, táirgí agus earraí a dhíol. Reáchtáladh an t-aonach fostaithe anseo freisin, áit ar fostaíodh daoine le haghaidh obair shéasúrach na feirme agus ba mhinic a chuaigh siad trí dhrochdhálaí.*

### 4. BANC NA hÉIREANN ☐

Thóg an t-ailtire as Gaillimh, James Cussack, Banc na hÉireann go luath sna 1830idí. Deirtear gur tarrtháladh na háirsí aolchloiche, atá mar fhráma ar na fuinneoga agus na dorais, ón seanhalla baile, a bhí in aice le hEaglais San Nioclás uair amháin, cé go meastar go forleathan anois nach bhfuil bunús ar bith leis an scéal sin.

Bhí lóistín don bhainisteoir mar chuid den fhoirgneamh ar dtús, chomh maith le clós cúil ina raibh stáblaí do na capaill. Athlonnaíodh áirse chloiche trína raibh rochtain ar an gclós uair amháin go Baile Nua Mhic Gabhann, áit a bhfuil sé mar chuid den chuimhneachán atá tiomnaithe dóibh siúd a fuair bás ar son síochána.



### 5. TEACH HIBERNIAN ☐

Iar-chlubtheach le haghaidh Chlub Chontae na Gaillimhe, tá níos mó i gceist leis an aghaidh aolchloiche thaibhseach seo ná mar a cheapfaí. Tógadh an póirse isteach agus gach rud ar thaobh na láimhe deise de seo sna 1840idí de réir dearaí le Henry Clements, a ceapadh mar shuirbhéir le haghaidh na cathrach. Cuireadh an chuid ar an taobh clé den phóirse leis sna 1980idí nuair a aistríodh an club go háitreabh eile agus a athfhorbraíodh an láithreán.



Bhí clubanna fear uasal coitianta le linn an 19ú haois mar ionaid shóisialta le haghaidh na scothaicme gairmiúla agus sóisialta.

*Trasna an bhealaigh tá dealbh de Liam Ó Maoilíosa (Liam Mellows), ceannaire as Gaillimh le linn Éirí Amach 1916. Tógadh in 1957 é agus dhealbhaigh Albert Power é, fear a rinne dealbha de Patrick Pearse agus James Connolly i mBaile Átha Cliath.*

### 6. IARBHANC TSB ☐

Téann na painéil shnoite aolchloiche ar a bhfuil armas Chathair na Gaillimhe agus lógó an Bhainc Taisce Iontaobhais siar go dtí na 1980idí, nuair a sheol an TSB feachtas nua brandála. Léiríonn na ceithre heicseagán cíor mheala ó choirceog, ar siombail iad ar iarrachtaí a dhéanann taisceoirí beaga airgead i dtaisce a chur ar bun.



### 7. FIBBER MAGEES ☐

Timpeall Fibber Magees is féidir leat athrú ar scála agus ar charachtar na bhfoirgneamh a fheiceáil. Athfhorbraíodh cuid mhór den taobh seo den fhaiche ag deireadh an 20ú haois ach tá roinnt foirgnimh stairiúla, amhail an ceann seo, fós ann. Cé go bhfuil na ballaí cloiche nochta anois, cuireadh rindreáil thraidisiúnta mar bhailchríoch ar an bhfoirgneamh ar dtús, rud a chuir cosaint bhreise ar an aimsir ar fáil.





*De réir mar a théann tú thar Theach Odeon féach suas os cionn an fhorscátha, an bhfeictear duit an snoiteán aolchloiche de cholm a ligeann a scíth ar sciath? Bhí an phlaic seo suite ar Óstán Bailey uair amháin, gnólacht teaghlaigh cáiliúil, a bhí ar an láithreán roimhe seo.*



### 8. TEACH TÁBHAIRNE O'CONNELL ☐

Sainchomhartha ar thaobh thoir den fhaiche is ea Teach Tábhairne O'Connell atá ag trádáil faoin ainm céanna ó bhí 1862 ann. Mar shiopa grósaera agus teach tábhairne le chéile ar dtús, d'fhan sé i seilbh an teaghlaigh go dtí 1998, nuair a bhásaigh Maureen O'Connell, an duine deiridh den sliocht. D'fhág Maureen an t-áitreabh le huacht ag Cumann Naomh Uinseann de Pól, agus d'úsáid an charthanacht an t-airgead ón díol chun cabhrú leis na mílte duine i gceantar na Gaillimhe.



*An aithníonn tú Teach Tábhairne O'Connell? Bhí sé le feiceáil san fhíseán ceoil le haghaidh Galway Girl le Ed Sheeran. Cén fáth nach gcanfá cúpla líne agus tú anseo!*



### 9. STÁISIÚN CHEANNT ☐

Tógadh in 1851 é mar cheann aistir le haghaidh Iarnród Mór Lár na Tíre agus an Iarthair, agus leis an líne chríochnaithe bhí bealach díreach ann ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath. Os cionn na n-ardán bhí díon suntasach iarainn bhuailte agus gloine a bhí 80 troigh ar leithead, a dhear Richard Turner, fear a raibh clú agus cáil air as a thithe gloine ag Garraithe na Lus i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste agus ag Gairdíní Kew i Londain. Cé gur baineadh díon Turner sna 1950idí, tá an díon atá ann faoi láthair ag teacht le scála agus carachtar a dhearaidh bunaidh. Ar thug tú faoi deara na bracanna ollmhóra atá faoin bhforscáth os cionn phríomhbhealach isteach an stáisiúin? Gnáthoibreacha maisiúla iarainn theilgthe is ea iad seo a rinneadh i dteilgcheártaí an 19ú haois.

### 10. IARÓSTÁN RAILWAY ☐

Osclaíodh an tÓstán Railway in 1852, a bhí suite ar fud an limistéir ar an taobh theas ar fad den fhaiche. Saintógadh é de réir dearaí le John Skipton Mulvany, a bhí ina ailtire le haghaidh an stáisiúin atá taobh leis. Tráth dá raibh d'fhéadfadh aíonna dul go díreach ó ardán an stáisiúin isteach san óstán, chun sult a bhaint as timpeallacht thar a bheith galánta agus as áiseanna nua-aimseartha amhail soilsiú gáis agus folcadáin uisce the agus fhuair.



Le himeacht na mblianta, i measc na gcustaiméirí mór le rá bhí W. B. Yeats, Walt Disney agus Paul McCartney.

*Sna 1870idí chuir Cuideachta Trambhealaí na Gaillimhe agus Bhóthar na Trá tús le seirbhísí óna híosta amach ó Shráid Forster. Chuaigh an bealach, a raibh an-tóir air, feadh na dtaobhanna theas agus thiar den fhaiche ar an mbealach go dtí an t-ionad saoire snámha galánta i mBóthar an Trá.*

### 11. TITHE CATHRACH SEOIRSEACHA ☐

Leis an dá theach seo tugtar léargas ar chuma chónaithe a bhí ar an bhFaiche Mhór go luath sna 1800idí. Murab ionann is na tithe cathrach bríce dheirg i mBaile Átha Cliath agus i Luimneach, tógadh an dá cheann seo as aolchloch ar fad. An bhfuil tú in ann an dáta tógála atá snoite ar an bplaic ar Uimh. 16 a aimsiú?

*De réir mar a chasann tú an coirnéal, féach síos Plás Victoria i dtreo na hEaglaise Meitidistí, a tógadh in 1839. Cuireann radhairc dá leithéid sin go mór le carachtar stairiúil an cheantair.*

### 12. IARBHANC NÁISIÚNTA NA hÉIREANN ☐

Ba é William Caldeck, ailtire le haghaidh Bhanc Náisiúnta na hÉireann, a dhear é agus bhí an chloch shnoite mhaisiúil coitianta ag deireadh an 19ú haois. Féach go grinn ar bhandaí na gcolún agus na n-eochracha os cionn na bhfuinneog ar an mbunurlár chun 'vermiculation' a fheiceáil, téarma ón bhfocal Laidine 'vermis' a chiallaíonn péist! An féidir leat smaoineamh ar an gcúis?




*Ar thug tú faoi deara gur déanta as iarann teilgthe atá an bhalastráid in aice leis an gcosán i ndáiríre? Sula mbogann tú ar aghaidh, tóg deich nóiméad chun ár dTóraíocht Taisce a chríochnú.*

### 13. ÓSTÁN SKEFFINGTON ARMS ☐

Mar áit ar féidir leat dul a chodladh ó bhí 1850 ann, osclaíodh Skeffington Arms in iartheach cathrach, dála a lán óstán ón 19ú haois san fhaiche. Tá aghaidheanna ceannanna céanna, beagnach, ar roinnt de na foirgnimh in aice láimhe. Mar gheall ar na hoscailtí fuinneoige a cuireadh go cúramach agus na dorais 'scaobtha' ar leith, tá rithim fhoriomlán ar an taobh seo den fhaiche.




*Sula bhfágann tú an fhaiche, tóg nóiméad chun na dealbha a iniúchadh. Croílár aitheanta is ea Húicéar na Gaillimhe de chuid Eamon O'Doherty, a léiríonn seolta chabhlach iascaigh an Chladaigh. Le dealbh Pádraic Ó Conaire déantar ceiliúradh ar oidhreacht scríbhneora a bhí ar cheann de na scríbhneoirí Gaeilge ba mhó sa chathair agus le cuimhneachán John F. Kennedy déantar comóradh ar chuairt uachtarán SAM, a labhair le slua na mílte duine anseo in 1963.*



# AN FHAICHE MHÓR

## LIMISTÉAR CAOMHANTAIS AILTIREACHTA

# SLÍ SIÚLÓIDE

## EYRE SQUARE

**SIÚIL AN tSLÍ LEIS NA LEIDEANNA DON tSÚIL NÓ STOP ANSEO AGUS ANSIÚD AG DÉANAMH IONTAIS...**




AN FHAICHE MHÓR
EYRE SQUARE

### Cad é an bunús le logainmneacha?

Tugtar an Fhaiche Mhór uirthi as Gaeilge, ainm a léiríonn an úsáid ba luaithe a bhí aici mar cheantar féarthalún oscailte lastall de na ballaí cathrach. Sa Bhéarla, ainmníodh an fhaiche as Edward Eyre, Ardmhéara, a ndeirtear faoi gur thug sé an talamh don chathair in 1710. Sna 1960idí, athainmníodh mar Pháirc Chuimhneacháin John F. Kennedy í, i ndiaidh chuairt J. F. K in 1963 – ach níor stop Gaillimhigh an Fhaiche Mhór a thabhairt uirthi riamh i ndáiríre!

### NODA AN MHAPA

- Limistéar Caomhantais Ailtireachta
- Slí Siúlóide, 0.85km
- Uimhir na Slí
- Uimhir na leideanna don tsúil
- Rothair TFI
- Radharc scéimhe


Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

FARDAL NÁISIÚNTA
na hOIDHREACHTA AILTIREACHTA

Studio Myco
James Grieve Architects